



PRÓIFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

***Lámhleabhar do Scoileanna 2019
Samhain 2019***

Clár Ábhar

Cuid 1 Réamhrá	4
1.1 Cad é aidhm an lámhleabhair seo?.....	4
1.2 Cad é Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)?.....	4
1.3 Cad é an réasúnaíocht taobh thiar den PGSS a bhronnadh?.....	5
1.4 Conas a dhéanann tuairisciú leanúnach nasc leis an PGSS?.....	5
1.5 Cén fhaisnéis ar ghnóthachtáil daltaí a bheidh tuairiscithe cheana féin chuig daltaí/tuismitheoirí sula bhfaigheann daltaí an PGSS?	5
1.6 Cén difríocht atá ann idir an PGSS agus an sean Teastas Sóisearach?	5
1.7 Cad é an t-eolas atá de dhíth ar an scoil faoin PPOD don PGSS?	5
CUID 2 Ábhar agus formáid an PGSS	6
1.8 Cathain a bhronnfar an PGSS ar dhaltaí in 2019?.....	6
1.9 Cad a bheidh ar an PGSS in 2019?	6
1.10 Cá mhéad gearrchúrsaí a fhéadfaidh scoil a chur ar fáil ina Clár Sraithe Sóisearaí?	6
1.11 Sa chás gur thairg scoil níos mó ná ceithre Ghearrchúrsa do dhaltaí atá chun a PGSS a fháil in 2018?	7
1.12 An leanann gach PGSS an fhoráid chéanna?	7
1.13 Conas a léiríonn an PGSS féiniúlacht na scoile?	7
1.14 Athraíonn ár gCeann Bliana don Tríú Bliain gach bliain. An féidir na sínte atá le chur ar an PGSS le haghaidh scoileanna PPOD a athrú gach bliain?	7
1.15 Níl Ceann Bliana ag ár scoil.....	8
CUID 3 An PGSS a líonadh.....	9
1.16 Conas a chuirtear sonraí ar an PGSS?.....	9
1.17 Conas a tháirgeann scoil PGSS iomlán sa chás go bhfuil roinnt de na sonraí measúnaithe do dhalta ar iarraidh?	9
1.18 An féidir le daltaí achomharc a dhéanamh in aghaidh na dtorthaí agus na dtuairiscíní measúnaithe ar an PGSS?	10
1.19 An gá do scoileanna sonraí ar ghnóthachtáil daltaí i MRBanna a chur ar an PGSS?	10
1.20 An gá do scoileanna sonraí ar thorthaí daltaí i scrúduithe deiridh a chur ar an PGSS?	10
1.21 An gcuirfeadh eolas ar fáil faoin tsíl le sonraí a iontráil?	10
1.22 An mbeidh an próiseas chun sonraí a iontráil soláimhsithe?	10
1.23 Conas a iontrálann scoileanna faisnéis maidir le 'Réimsí Eile Foghlama' ar an PGSS? ..	11
1.24 Cén cineál foghlama a thuiriscítear sa chuid réimsí eile foghlama?	11
1.25 Conas is ceart do scoil cé na gnéithe de "Réimsí Eile Foghlama" dalta is ceart a thuirisciú ar an PGSS a chinneadh?	12
1.26 Conas a bhailítear agus a stóráiltear sonraí "Réimsí Eile Foghlama" daltaí?.....	12
1.27 Cá mhéad tagairtí do chineálacha eile foghlama is ceart do scoil a chur san áireamh ar an PGSS faoi Réimsí Eile Foghlama?	13
1.28 An mbeidh rochtain ag ROS ar an bhfaisnéis sa chuid Réimsí Eile Foghlama?.....	13
1.29 An ndéanfar gnóthachtáil daltaí i bhFolláine a thairgeadh ar an PGSS?	14
1.30 An gá don scoil tuairisciú ar Fholláine roimh 2020?	14
1.31 Conas a théann Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) leis an PGSS?	14
1.32 Conas a chuirfidh scoileanna gnóthachtálacha an dalta i gClár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2), nuair is ábhartha, a iontráil?.....	14
CUID 4 An PGSS a ghiniúint.....	16
1.33 Conas a ghintear an PGSS?	16

1.34	An gcaithfidh cuideachta ghairmiúil clódóireachta na PGSSanna a phriontáil do scoileanna?	16
COSAINT SONRAÍ		16
1.35	An bhfuil saincheisteanna maidir le cosaint sonraí nach mór do scoileanna machnamh a dhéanamh orthu?	16
1.36	An ndéanfar cóip den PGSS a shábháil go huathoibríoch ar chóras TF scoile?	17
1.37	An mbeidh ar scoileanna cóipeanna de PGSSanna a choimeád dá ndaltaí?	17
Aguisín 1 - Seicliosta do Scoileanna		18
Aguisín 2 – Lógónna agus Sínithe		19
Aguisín 3 – Fógra Príobháideachais agus Foirm Toilithe		21
Aguisín 4 – PGSSanna Samplacha		25

Cuid 1 Réamhrá

1.1 Cad é aidhm an lámhleabhair seo?

Is é aidhm an lámhleabhair seo tacú le scoileanna Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a thuiscint. Tá mionsonraí ann freisin faoin tslí leis an PGSS a chomhlánú do dhaltaí a rinne scrúduithe na Sraithe Sóisearaí in 2019, lena n-áirítear aon athrú a tharla ó tugadh isteach an PGSS an chéad uair in 2017, le gur féidir é a bhronnadh ar dhaltaí faoi dheireadh na bliana féilire. **Bronnfaidh scoileanna PGSS ar gach dalta ón Luan an 9 Nollaig 2019 ar aghaidh. Is ceart gach PGSS a tháirgeadh agus a bhronnadh ar dhaltaí faoi dheireadh théarma na Nollag.**

Foilseofar leagan uasdátaithe den doiciméad seo ar shuíomh gréasáin na Roinne agus cuirfear fógra ina leith ar Esinet.

1.2 Cad é Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)?

Mar chuid den Chreat don tSraith Shóisearach (2015) is é buaicphointe an phróisis tuairiscithe sa tsraith shóisearach an PGSS a bhronnadh ar dhaltaí. Bronnadh an PGSS den chéad uair ar dhaltaí a chríochnaigh an tsraith shóisearach in 2017, mar sin beidh 2019 ar an tríú bliain ina dtáirgfear PGSS. Beidh ar an scoil an PGSS a phriontáil amach le haghaidh gach dalta. Tuairisceoidh sé ar ghnóthachtáil daltaí thar réimse leathan foghlama sa tsraith shóisearach. Leis an PGSS, chomh maith le socruithe tuairiscithe eile sa tsraith shóisearach, tairgfear pictiúr leathan, soiléir do scoláirí/múinteoirí/tuismitheoirí maidir le haistear foghlama linbh sna trí bliana den tsraith shóisearach.

Maidir leis na blianta ina ndéanann daltaí staidéar ar ábhair reatha na Sraithe Sóisearaí chomh maith le hábhair dá bhfuil sonraíochtaí Sraithe Sóisearaí nua curtha ar fáil, cuirfear torthaí an dá rud san áireamh sa PGSS. Ó 2022 ar aghaidh, beidh na sonraíochtaí Sraithe Sóisearaí nua go léir tugtha isteach agus ón mbliain sin ar aghaidh cuirfear gnóthachtáil i ndáil leis na sonraíochtaí sin san áireamh sa PGSS.

I bhformhór na gcásanna, tabharfar tuairisc sa PGSS ar ghnóthachtáil daltaí maidir le hábhair agus gearrchúrsaí atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

I gcásanna áirithe, féadfaidh an PGSS tuairisciú ar ghnóthachtáil do dhaltaí a bhfuil míchumais foghlama ginearálta acu sa réimse íseal éadrom go dtí ard measartha sa chás go gcuirfeadh riachtanais oideachais na ndaltaí sin cosc orthu rochtain a fháil ar chuid de na hábhair agus gearrchúrsaí Leibhéal 3 sa tsraith shóisearach, nó orthu go léir. Féadfaidh na daltaí sin bheith rannpháirteach i gCláir Foghlama Leibhéal 2, nó i gcuid díobh, atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 2 den CNC.

Tá Cláir Foghlama Leibhéal 1 ar fáil anois do scoileanna agus tabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais foghlama líon an-bheag daltaí a bhfuil míchumais foghlama ginearálta acu sa réimse íseal measartha, dian agus trom. I mbeagnach gach cás, beidh na daltaí sin rollaithe i scoileanna speisialta seachas i scoileanna príomhshrutha. Bronnfar na chéad PGSSanna do dhaltaí a thugann faoi Chláir Foghlama Leibhéal 1 in 2021.

1.3 Cad é an réasúnaíocht taobh thiar den PGSS a bhronnadh?

Tugtar cuntas, leis an PGSS, ar ghnóthachtáil daltaí i ngnéithe measúnaithe éagsúla a dhéantar i gcaitheamh na trí bliana den tsraith shóisearach, lena n-áirítear na gráid sna scrúduithe deiridh stát-deimhnithe ag deireadh na trí bliana. Tuairisceofar freisin ar ghnóthachtáil daltaí i Measúnú Rang-Bhunaithe (MRBanna) in ábhair agus i ngearrchúrsaí, agus i gCláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) agus, ó 2021 ar aghaidh, gnóthachtáil i gCláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna). Tuairisceofar san PGSS ar an bhFolláine ó 2020 ar aghaidh.

Tabharfar deis do scoileanna, leis an PGSS, tuairim a thabhairt ar ghnóthachtáil daltaí, a rannpháirtíocht nó a ndul chun cinn i réimsí eile foghlama a bhí san áireamh i gclár sraithe sóisearaí na scoile.

1.4 Conas a dhéanann tuairisciú leanúnach nasc leis an PGSS?

I rith am an dalta sa tsraith shóisearach, tuairisceoidh an scoil chuig tuismitheoirí/caomhnóirí faoin dul chun cinn atá á dhéanamh aige/aici. De ghnáth, beidh tuairiscí i scríbhinn um Nollag agus sa samhradh san áireamh le tuairisciú den sórt sin sa chéad bhliain agus sa dara bliain.

Le haiseolas ó pháirtithe leasmhara i rith comhairliúcháin arna eagrú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tarraingíodh aird ar an ngá le leanúnachas agus léirchruinneas sa tslí a ndéantar tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil daltaí sna trí bliana den tSraith Shóisearach, a bhfuil bronnadh an PGSS mar bhuaicphointe uirthi.

An comhartha is fearr ar an leanúnachas sin a bheith bainte amach ná nuair a chuirfidh an PGSS leis na prionsabail chéanna atá i bpróiseas na scoile chun tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí. Tá mar chuid de na prionsabail sin caidreamh barántúil le tuismitheoirí a spreagadh. Ar an tslí chéanna, is ceart a bheith mar aidhm ag tuairisciú tríd an PGSS dul chun cinn daltaí san fhoghlaim a chur in iúl go soiléir, faisnéis a thabhairt ar réimse leathan gnóthachtála, cur chuige uilechuimsitheach a ghlacadh agus bheith íogaireach ó thaobh fhéin-mhuinín agus folláine daltaí.

Tá Treoirínte agus faisnéis foilsithe ag an CNCM maidir le tuairisciú, féach <https://www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/reporting>

1.5 Cén fhaisnéis ar ghnóthachtáil daltaí a bheidh tuairiscithe cheana féin chuig daltaí/tuismitheoirí sula bhfaigheann daltaí an PGSS?

Déanfaidh an tuairisciú ag deireadh na dara bliana taifead ar ghnóthachtáil daltaí i Measúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) a rinneadh an bhliain sin in ábhair agus i ngearrchúrsaí agus ar ghnóthachtáil daltaí i gCláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) nuair is ábhartha.

1.6 Cén difríocht atá ann idir an PGSS agus an sean Teastas Sóisearach?

An scoil a chuireann an PGSS i dtoll a chéile, ag cloí le formáid náisiúnta. Aithníonn sí gnóthachtáil daltaí, ní leis na scrúduithe deiridh stát-deimhnithe amháin, ach trí raon eile modhanna measúnaithe agus réimsí foghlama. Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a thuiriscíonn na gráid

stát-dheimhnithe ar dtús, i bhfoirm sealadach ag am éigin tar éis dheireadh na tríú bliana. Déantar na torthaí sin a dheimhniú ina dhiaidh sin agus a chur san áireamh i bhPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chuireann scoileanna ar fáil. Ní eisítear Teastas Sóisearach a thuilleadh. Is iad na PGSS an t-aon doiciméad oifigiúil anois ar a mbeidh torthaí deiridh an Teastas Shóisearaigh agus is iad na scoileanna na sealbhóirí taifead dóibh seo.

1.7 Cad é an t-eolas atá de dhíth ar an scoil faoin PPOD don PGSS?

Tá sé riachtanach sonraí pearsanta an dalta mar aon leis na hábhair atá á staidéar aige/aici a bhfuil measúnuithe rangbhunaithe ag baint leo a chlárú ar an PPOD. Má bhíonn na sonraí pearsanta míchearta ar an PPOD beidh na sonraí míchearta sin le feiceáil ar an PGSS. Má bhíonn dalta ag staidéar agus scrúdú á dhéanamh aige/aici lena mbaineann Measúnú caithfear é sin a chlárú ar an PPOD i rollúcháin bhliain 2 agus bhliain 3, mar muna ndéantar a leithéid ní bheidh an t-ábhar le feiceáil ar an PGSS.

CUID 2 Ábhar agus formáid an PGSS

1.8 Cathain a bhronnfar an PGSS ar dhaltaí in 2019?

Tá ar scoileanna PGSSanna a bhronnadh ar dhaltaí sa tseachtain dar tús Dé Luain an 9 Nollaig 2019. Is ceart gach bronnadh na PGSSanna a bheith críochnaithe faoi dheireadh théarma na Nollag.

Go gairid i ndiaidh dheireadh théarma na Nollag, ní bheidh fáil ar an gcóras TF a úsáidtear chun an PGSS a tháirgeadh agus ní bheifear in ann PGSSanna a tháirgeadh a thuilleadh.

1.9 Cad a bheidh ar an PGSS in 2019?

Tabharfar tuairisc sa PGSS 2019 ar ghnóthachtáil ar feadh gach réimse foghlama mar is infheidhme, lena n-áirítear;

- Gnóthachtáil an dalta sna scrúduithe deiridh stát-dheimhnithe (lena n-áirítear an Tasc Measúnaithe)
- Gnóthachtáil an dalta sna Measúnaithe Rang-Bhunaithe in ábhair agus i ngearrchúrsaí, nuair is ábhartha
- Gnóthachtáil an dalta i réimsí eile foghlama.
- Gnóthachtáil an dalta i gCláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2), nuair is ábhartha.

Maidir leis na blianta ina ndéanann daltaí staidéar ar ábhair dá bhfuil sonraíochtaí nua curtha ar fáil, in éineacht le hábhair reatha na Sraithe Sóisearaí, cuirfear torthaí an chinn deireanaigh sin san áireamh sa PGSS. Tiocfaidh éabhlóid ar fhoráid an PGSS de réir mar a leathfar amach céimeanna éagsúla d'athchóiriú ar an tsraith shóisearach.

1.10 Cá mhéad gearrchúrsaí a fhéadfaidh scoil a chur ar fáil ina Clár Sraithe Sóisearaí?

Beidh daltaí a théann isteach sa chéad bhliain i Meán Fómhair 2019 agus a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gearrchúrsaí Folláine (OSSP, OSPS agus Corpoideachas) ábalta freisin uasmhéid de cheithre ghearrchúrsa i réimsí Curaclaim eile déanfar iad sin a

thuairisciú den chéad uair sa PGSS in 2022. Tá an leagan amach seo á fhorbairt faoi láthair agus tabharfar faisnéis ar leithligh do scoileanna ina leith.

1.11 Sa chás gur thairg scoil níos mó ná ceithre Ghearrchúrsa do dhaltáí atá chun a PGSS a fháil in 2019?

Sa chás go dtairgfeadh scoil níos mó ná ceithre ghearrchúrsa do dhaltáí atá ag tabhairt na Sraithe Sóisearaí chun críche in 2019, rud nach dócha, is féidir gnóthachtáil daltaí sna cúrsaí sin a léiriú faoin gCuid Réimsí Eile Foghlama den PGSS.

1.12 An leanann gach PGSS an fhorbairt chéanna?

Leanann, tá teimpléid náisiúnta leagtha amach. Cinnteofar leanúnachas ar feadh iarbhunscoileanna, leis sin. Tá trí theimpléad ann don PGSS. Is ionann leagan amach na PGSSanna do 2019 agus do 2018.

Teimpléad 1

I bhformhór mór na gcásanna, gheobhaidh daltaí PGSS in 2019 a thuairiscíonn ar ghnóthachtáil daltaí:

- sna hábhair a thug siad sna scrúduithe stát-deimhnithe;
- i Measúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna) in ábhair agus i ngearrchúrsaí;
- i réimsí eile foghlama;

Teimpléad 2

Tá an dara teimpléad forbartha chun tuairisciú ar an líon beag cásanna ina bhfuil daltaí ag déanamh staidéir ar Chláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) agus sin amháin.

Teimpléad 3

Tá an tríú teimpléad ar fáil chun tuairisciú ar ghnóthachtáil daltaí a dhéanann staidéar ar Chlár Foghlama Leibhéal 2 ach a thógann líon beag ábhar sna scrúduithe stát-deimhnithe freisin.

Tá samplaí de PGSSanna le haghaidh 2019 le fáil in Aguisín 1 den lámhleabhar seo.

1.13 Conas a léiríonn an PGSS féiniúlacht na scoile?

Beidh suaitheantas na scoile agus síniú an phríomhoide agus an ceann bliana ar an PGSS má chuireann an scoil ar fáil don Roinn iad. Lean na treoirlínte in Aguisín 2 más mian leat go gcuirfí suaitheantas agus sínithe do scoile ar na PGSSanna arna n-eisiúint ag do scoil. Déan cinnte de íomhá ar cháilíocht mhaith a úsáid. Sa chás gur chuir do scoil suaitheantas agus síniú ar aghaidh in 2017/2018, ní gá iad a chur ar aghaidh an athuir. Déanfar an síniú agus an lógó a cuireadh ar aghaidh in 2017/2018 a chur go huathoibríoch ar na PGSSanna arna n-eisiúint ag do scoil in 2019.

1.14 Athraíonn ár gCeann Bliana don Tríú Bliain gach bliain. An féidir na sínithe atá le cur ar an PGSS le haghaidh scoileanna PPOD a athrú gach bliain?

Is féidir, féadfaidh an scoil síniú nua a chur ar aghaidh nuair is gá sin. Más mian leat athrú a dhéanamh ar an suaitheantas nó ar na sínithe a cuireadh ar aghaidh in 2018, comhlánaigh an

teimpléad in Aguisín 2 agus seol é chuig jcpa@education.gov.ie chomh luath agus is féidir. Tabhair uimhir rolla agus ainm na scoile i ngach comhfhreagras.

Tabhair aird go mbeidh ainmneacha an phríomhoide agus an chinn bhliana araon a bheidh le feiceáil sa téacs in aice leis an sínithe a chuirtear isteach tógtha go díreach ó na sonraí scoile atá ar Esinet. Deimhnigh le do thoil go ndéantar é seo a uasdátú de réir aon athruithe foirne.

1.15 Níl Ceann Bliana ag ár scoil.

Sa chás nach bhfuil ceann bliana taifeadta ar an iarratas PPOD ón scoil, ní chuirfear an ceanteideal "Ceann Bliana" ar an ngradam PGSS.

Ní féidir síniú ar bith ach amháin síniú an Phríomhoide agus an Chinn Bhliana a chlóschríobh ar an PGSS. Ní féidir síniú an Leas-Phríomhoide ná síniú ar bith eile a chur in áit shíniú an Chinn Bhliana.

CUID 3 An PGSS a líonadh

1.16 Conas a chuirtear sonraí ar an PGSS?

Bunachar Sonraí Iarbhunscoile Ar Líne (PPOD) na Roinne a éascaíonn PGSSanna a tháirgeadh do dhaltaí i scoileanna príomhshrutha a thugann faoi scrúduithe stáit.

Tá trí thacar sonraí ar leithligh ar an PGSS.

- Sonraí CSS;
- Sonraí faoi Mheasúnú Seomra Ranga-Bhunaithe;
- Sonraí a bhaineann le réimsí eile foghlama.

De ghnáth, i ndiaidh chruinniú Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AMFÁ) i scoil, coinneoidh múinteoirí ábhair taifead ar ghnóthachtáil a ndaltaí in MRBanna ag teacht le cleachtais tuairiscithe reatha na scoile. Ní mór torthaí na MRBanna a iontráil ar an gcóras PPOD le gur féidir PGSSanna a tháirgeadh. Cuireadh na seirbhísí nuafhorbartha sioncrónaithe PPOD (i.e. an cumas torthaí ar mheasúnuithe a bhú ón mbogábhar sa scoil áitiúil chuig PPOD) ar fáil ar 14 Lúnasa 2019. Muna bhfuil an bógábhar sa scoil áitiúil uasghrádaithe agat, mar a chuir díoltóirí bógábhar do acoile ar fáil, ní bheidh ar do chumas an fheidhmiúlacht nua seo a dhéanamh agus beidh ort tothaí na measúnuithe a chur isteach go díreach ar an PPOD. Má bhíonn deacrachtaí agat leis seo, déanteagmháil le do dhíoltóir bógábhar, le do thoil.

Tá an áis seo; sonraí a iontráil ar PPOD, ar fáil anois do 2019 agus tá treoir céim ar chéim ar fáil ag <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services>Returns/Post-Primary-Online-Database-P-POD-Project/ppod-guide-13-junior-cycle-profile-of-achievement.pdf>

Beidh scoileanna in ann tuairiscíní MRB ábhartha a iontráil ach roghchlár anuas a bhfuil cúig thuairiscín ann a úsáid: Thar barr, Os Cionn na nIonchas, Ag Teacht le hIonchais, Ionchais le Baint Amach Fós, agus Gan Tuairisciú. Sa chás nach ndearna dalta MRB nó nár tugadh tuairiscín, ní mór do scoileanna an rogha 'Gan Tuairisciú' a roghnú sa chóras PPOD PGSS agus léireofar sin ar an PGSS ar an tslí sin. I ndáil le daltaí a thug faoi Chláir Foghlama Leibhéal 2 chomh maith, beidh fáil ag scoileanna ar roghchlár anuas ina mbeidh na tuairiscíní 'Gnóthaithe' nó 'Gan Gnóthaithe' maidir leis na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) ábhartha. Sa chás nach bhfaigheann daltaí ATF, ní chuirfear an ATF i gceist ar an PGSS.

1.17 Conas a tháirgeann scoil PGSS iomlán sa chás go bhfuil roinnt de na sonraí measúnaithe do dhalta ar iarraidh?

D'fhéadfadh cúpla cúis a bheith le sonraí measúnaithe a bheith ar iarraidh. Ar dtús, seiceáil go bhfuil na sonraí measúnaithe go léir atá ar fáil curtha isteach ar PPOD don dalta. Murar tugadh tuairiscín do MRB, ba cheart 'gan tuairisciú' a roghnú ón roghchlár anuas. Beidh 'gan tuairisciú' le feiceáil ar an PGSS.

Má shuíonn dalta scrúdú in ábhar nach bhfuil siad cláraithe do ar an PPOD, ní bheidh aon MRB a bhíonn mar chuid den ábhar sin le feiceáil ar an PGSS.

Mura bhfuil na sonraí ar fáil do do scoil mar gheall gur aistrigh dalta chuig do scoil i ndiaidh Measúnú Seomra Ranga-Bhunaithe a dhéanamh i scoil eile, ar dtús cinntíonn tú go bhfuil na nósanna imeachta a leagtar amach sa treoir saoráide Aistriú Idir-Scoile PPOD (AIS) atá ar fáil ag <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services>Returns/Post-Primary-Online-Database-P-POD-Project/ppod-guide-4-inter-school-transfers.pdf>. Glactar na céimeanna sin nuair a ghluaiseann dalta idir iarbhunscoileanna aitheanta. Éascaítear leis taifid dalta ar PPOD a aistriú óna seanscoil go dtí a scoil nua, lena n-áirítear a stair, measúnuithe agus díolúintí (más ann dóibh).

Seans gur gá teagmháil a dhéanamh le hiar-scoil an dalta chun na sonraí measúnaithe atá ar iarraidh a fháil, nó chun faisnéis a fháil lena chur san áireamh sa chuid réimsí eile foghlama.

1.18 An féidir le daltaí achomharc a dhéanamh in aghaidh na dtorthaí agus na dtuairiscíní measúnaithe ar an PGSS?

Is ceart go mbeadh na socrúithe a fheidhmíonn le measúnú agus tuairisciú leanúnach sa seomra ranga agus scrúduithe suimitheacha in-tí i rith an timthrialla trí bliana i bhfeidhm freisin i ndáil leis na MRBanna.

1.19 An gá do scoileanna sonraí ar ghnóthachtáil daltaí i MRBanna a chur ar an PGSS?

Beidh torthaí MRBanna san áireamh ar PGSS páirt-chomhlánaithe do gach dalta chomh luath is a chuireann an scoil na sonraí sin ar PPOD. Is ceart do scoileanna a chinntiú go gcuirtear na tuairiscíní go léir do ghnóthachtáil sna MRBanna a iontráil sula ngintear PGSSanna. Ní léireofar athruithe a dhéantar i ndiaidh ghineadh na PGSSanna ar an PGSS agus beidh ar an scoil dul i dteagmháil le JCPA_helpdesk@education.gov.ie chun an PGSS a athghiniúint. I gcásanna den sórt sin, beidh gá an téacs a iontráiltear faoin gcuid Réimsí Eile Foghlama a athiontráil.

1.20 An gá do scoileanna sonraí ar thorthaí daltaí i scrúduithe deiridh a chur ar an PGSS?

Ní gá. Cuirfear torthaí deiridh na scrúduithe deiridh stát-deimhnithe san áireamh ar PGSS páirt-chomhlánaithe do gach dalta i scoileanna ina gcoinnítear sonraí daltaí ar PPOD.

1.21 An gcuirfear eolas ar fáil faoin tslí le sonraí a iontráil?

Tabharfar treoir mhionsonraithe do scoileanna maidir leis na sonraí a iontráil¹. Tá deasc chabhrach ar fáil freisin ag JCPA_Helpdesk@education.gov.ie

1.22 An mbeidh an próiseas chun sonraí a iontráil soláimhsithe?

¹ <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services>Returns/Post-Primary-Online-Database-P-POD-Project/ppod-guide-13-junior-cycle-profile-of-achievement.pdf>

Beidh scáileán mear-iontrála ar fáil ag scoileanna, a léiríonn gach dalta sa scoil sin atá i dteideal gradam PGSS a fháil ag deireadh an 3ú Bliain. Is féidir le scoileanna an scáileán mear-iontrála a úsáid chun torthaí mheasúnaithe rang-bhunaithe, ghearrchúrsaí agus ATFanna a thaifeadh chun iontráil sonraí a éascú.

1.23 Conas a iontrálann scoileanna faisnéis maidir le 'Réimsí Eile Foghlama' ar an PGSS?

Déanfaidh scoileanna, i gcás gach dalta, PGSS páirt-chomhlánaithe a íoslódáil trí bhíthin PPOD, chomh luath is a bheidh na sonraí go léir ar MRBanna, ghearrchúrsaí nó ATFanna curtha ar PPOD. Is ceart an MRB íoslódáilte seo a shábháil go háitiúil i gcás gach dalta.

Déanfaidh scoileanna mionsonraí a thaifeadh ansin faoi ghnóthachtáil daltaí sa chuid 'réimsí eile foghlama' do gach dalta ar an PGSS sábháilte. Is ceart an chuid seo a scríobh i bhformáid tríú pearsa.

Is i bhformáid 'saorthéacs' a bhíonn an chuid 'réimsí eile foghlama' den PGSS. De bharr go mbeidh sé tábhachtach do scoileanna an fhaisnéis sin a bheith ullmhaithe sula ndéantar an PGSS páirt-chomhlánaithe a íoslódáil, d'fhonn cáilíocht a leithéid d'fhaisnéis a chinntiú, féadfaidh scoileanna an fhaisnéis sin a bhailiú agus a stóráil i ndoiciméad Word nó eile, chun ábhair a chóipeáil agus a ghreamú.

Beidh “Adobe Acrobat” nó an “Free Adobe Reader” de dhíth ó scoileanna chun na PGSSanna beo a íoslódáil siad ó PPOD a oscailt agus chun eagarthóireacht a dhéanamh orthu. An leagan íosta atá de dhíth ná v9.1 a eisíodh i Lúnasa 2008; an leagan is déanaí ná 15 nó DC.

Tar éis sonraí a íoslódáil agus a chur isteach sa chuid a bhaineann le Réimsí Foghlama Eile, nuair a shábháiltear iad tabharfar nod duit leis an bhfoláireamh seo a leanas: “An mian leat glas a chur ar Réimsí Eile Foghlama ionas nach féidir aon athruithe eile a dhéanamh?” Má chliceáiltear “Ní hea” déanfar na hathruithe a shábháil agus beidh deis agat eolas breise a chur isteach nó eolas atá curtha isteach cheana féin a leasú. Má dhéanann tú “Sea” a chliceáil cuirfidh tú an doiciméad faoi ghlas agus ní bheifear ábalata aon athruithe eile a dhéanamh.

1.24 Cén cineál foghlama a thuiriscítear sa chuid réimsí eile foghlama?

Sa chuid saorthéacs 'réimsí eile foghlama' den PGSS, tá solúbthacht ag an scoil tuairisciú ar thaithí foghlama agus imeachtaí foghlama eile atá déanta ag an dalta sna gnéithe curaclaim, comhchuraclaim agus seach-churaclaim de Chlár na Sraithe Sóisearaí sa scoil e.g.

- Rannpháirtíocht dalta i ngníomhaíochtaí comhchuraclaim nó seach-churaclaim arna gcur ar fáil ag an scoil, amhail páirt a ghlacadh in aonach eolaíochta, gníomhaíochtaí spóirt nó díospóireachta na scoile. Mar shampla, má bhí daltaí páirteach i gComórtas BT na nEolaithe Óga, nó i gComórtas Robotics nó tionscadal fiontraíochta, d'fhéadfadh an scoil iarradh ar dhaltaí an fhoghlaim a tharla a aithint (scileanna, lena n-áirítear príomhscileanna agus eolas) agus d'fhéadfaí é sin a chur san áireamh sa chuid seo den PGSS
- Deiseanna foghlama sonracha nach bhfuil mar chuid d'ábhair ná do ghearrchúrsaí, mar shampla oiliúint ceannaireachta; gníomhaíochtaí a bhaineann le treoir; ballraíocht i gclubanna nó cumainn scoile; ballraíocht i gcomhairle daltaí na scoile; gnóthachtáil spóirt; taifead tinrimh.

D'fhéadfaí na hocht phríomhscileanna agus na 24 ráitis foghlama atá mar bhonn le Creat na Sraithe Sóisearaí a úsáid mar bhunús do phlé foirne agus chun an phríomhfhoghlaim a fhéadfaí a chur ar an gcuid seo den PGSS a aithint. D'fhéadfadh gach dalta dialann mhachnaimh a choinneáil le linn gach bliain den tsraith shóisearach ina bhféadfadh sé/sí a (h)eispéiris foghlama suntasacha scoil-ábhartha a chlárú. Ag deireadh gach bliana nó ag an Nollaig agus ag an samhradh, d'fhéadfadh an dalta líon beag de na heispéiris foghlama is suntasaí a aithint agus d'fhéadfaí iad sin a chur san áireamh sa tuairisc a chuirtear abhaile go tuismitheoirí. Ag deireadh na tríú bliana, d'fhéadfadh an dalta na gnóthachtálacha foghlama a d'fhéadfaí a chur ar an PGSS a phlé leis an teagascóir ranga. D'fhéadfadh múinteoirí taifead a choinneáil d'eispéiris foghlama suntasacha na ndaltaí le linn na sraithe sóisearaí agus d'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh in éineacht leis an dalta ar na heispéiris is cóir a chur ar an PGSS.

Sa chuid seo den PGSS, féadfaidh an scoil tagairt a dhéanamh do rannpháirtíocht an dalta i dtaithí foghlama atá mar chuid den churaclam ar an gclár-ama foirmiúil ach nach dtuairiscítear orthu i gcodanna eile den PGSS, mar shampla, rannpháirtíocht i ngnéithe den churaclam Corpoideachais, Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus OSSP. (Ón mbliain 2020 ar aghaidh, beifear in ann rannpháirtíocht i gCorpoideachas, OSPS agus OSSP a thaifeadadh faoin gcuid nua den PGSS dar teideal Folláine). Chomh maith leis sin, féadfaidh scoileanna tagairt a dhéanamh sa chuid seo do rannpháirtíocht daltaí i ngearrchúrsaí nó ábhair sa chás nach bhfuil na measúnuithe foirmiúla déanta ag an dalta agus nach bhfuil tuairiscín bronnta. Mar shampla, daltaí a aistríonn chuig suíomh eile nach bhfuil an t-ábhar nó an gearrchúrsa ar fáil ann, nó daltaí nach gcríochnaíonn an MRB nó an scrúdú deiridh, ar chúis éigin. Is féidir torthaí ó ghearrchúrsaí i scoil a chuir níos mó ná ceithre ghearrchúrsa ar fáil a thaifeadadh sa chuid seo freisin.

Seans gur mian leis an scoil gnéithe níos leithne den tuairisciú a chur san áireamh freisin, nó réimsí amhail tinreamh, forbairt phearsanta agus shóisialta agus meonta foghlama.

1.25 Conas is ceart do scoil cé na gnéithe de "Réimsí Eile Foghlama" dalta is ceart a thuairisciú ar an PGSS a chinneadh?

Tá uasteorainn 150 focal nó 760 carachtar ag an gcuid seo den PGSS, ag brath ar mhéid agus ar chineál an chló, agus ar an leagan amach a úsáidtear (e.g. úsáidtear níos mó spáis le pointí le hurchair).

Is ceart díriú sa chuid seo ar an bhfoghlaim a baineadh amach (scileanna, eolas agus luachanna) seachas ar ghníomhaíochtaí. Is ceart é sin a choinneáil ar intinn agus cinntí á ndéanamh faoi cad atá le cur san áireamh.

1.26 Conas a bhailítear agus a stóráiltear sonraí "Réimsí Eile Foghlama" daltaí?

Tá roinnt mhaith solúbthachta ag scoileanna maidir leis na nósanna imeachta trínar féidir faisnéis faoi "réimsí eile foghlama" a bhailiú lena gcur san áireamh sa chuid seo den PGSS. Seo a leanas roinnt moltaí a bhféadfadh scoil machnamh a dhéanamh orthu - níl siad beartaithe ach bheith ina samplaí agus is faoin gceannaireacht/faoin bhainistíocht agus faoi na múinteoirí é an rud is fearr a oibreoidh i gcomhthéacs a scoile féin a chinneadh:

- I rith rang amháin le teagascóir nó ceacht OSPS amháin: d'fhéadfadh múinteoirí daltaí a stiúradh trí chleachtadh machnamhach ar a n-eispéiris foghlama i rith na sraithe sóisearaí. Ag eascairt as sin, chuirfeadh daltaí lios eispéireas ar fáil, a bheadh taifeadta ar a PGSS.

- D'fhéadfaí samplaí a thabhairt do dhaltaí mar threoir maidir leis na cineálacha faisnéise a gcuirfí san áireamh.
- Mar thasc obair bhaile do dhaltaí: Machnamh a dhéanamh ar ghnóthachtálacha foghlama. D'fhéadfaí daltaí a spreagadh chun an tacar eispéireas a bheadh le taifeadadh ar an PGSS a phlé lena dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- D'fhéadfadh múinteoirí taifead a choimeád ar eispéiris foghlama suntasacha daltaí i rith na sraithe sóisearaí agus d'fhéadfadh siad a chinneadh, i gcomhar leis an dalta, cé na gnóthachtálacha is ceart a chur san áireamh sa PGSS.
- D'fhéadfadh ranna ábhair príomh-mhúinteoir a shainiú, b'fhéidir ach ní gá gur chomhordaitheoir na roinne ábhair a bheadh ann, chun nuashonrú a thabhairt do bhainistíocht na scoile nó do bhall foirne a d'ainmneodh an Príomhoide chun an ghné seo den tSraith Shóisearach a chomhordú, b'fhéidir ag deireadh gach bliana den tSraith Shóisearach nó pé uair a mheastar gur cuí, nuashonrú maidir lena mbeadh ag tarlú i ndáil le heispéiris foghlama daltaí sa tSraith Shóisearach.
- D'fhéadfadh scoileanna suirbhé ar líne a chruthú le comhlánú ag daltaí. D'fhéadfaí na freagraí a thabharfadh daltaí faoina rannpháirtíocht agus faoina bhfoghlaím a úsáid leis na réimsí eile foghlama a líonadh.

Beidh gá leis an bhfoghlaím a aithneoidh daltaí a bhailiú uathu agus a stóráil go háitiúil sula ndéantar í a iontráil ar an PGSS ina dhiaidh sin. Roghnóidh scoileanna an bealach is fearr le sin a dhéanamh dá gcomhthéacs féin. Mar shampla, d'fhéadfaí seoladh ríomhphoist sonracha don chuspóir sin a chruthú sa scoil agus d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaltaí sa tríú bliain a rannchuidiú leis an gcuid seo den PGSS a sheoladh díreach chuig an seoladh ríomhphoist sin. Nuair nach féidir sin, d'fhéadfadh daltaí an fhaisnéis a thabhairt go díreach do mhúinteoir ainmnithe, mar shampla an teagascóir ranga nó an ceann bliana. Déanfaidh an scoil cinneadh faoin duine a bheidh freagrach as an bhfaisnéis a aistriú isteach sa PGSS do gach dalta. Féadfaidh scoileanna roghnú cuid de na huaireanta bainistíochta a úsáid a soláthraíodh chun comhordú na hoibre sin éascú.

1.27 Cá mhéad tagairtí do chineálacha eile foghlama is ceart do scoil a chur san áireamh ar an PGSS faoi Réimsí Eile Foghlama?

Moltar go gcuirfeadh scoileanna idir trí agus cúig thagairt do *Réimsí Eile Foghlama* le haghaidh gach dalta sa chuid seo, gan dearmad a dhéanamh ar an líon focal atá ar fáil ar an PGSS.

1.28 An mbeidh rochtain ag ROS ar an bhfaisnéis sa chuid Réimsí Eile Foghlama?

Ní bheidh. Tabhair ar aird: ní dhéanfar 'réimsí eile foghlama' (REFanna) a thaifeadadh ar PPOD. Déanfar REFanna do gach dalta ar an ngradam PGSS ar leithligh.

Beidh na sonraí sin i seilbh na scoile agus na scoile amháin. Ní bheidh rochtain ag ROS ach amháin ar na sonraí a bhaineann le gnóthachtáil daltaí sa scrúdú CSS ar ábhair, agus ar na sonraí a bhaineann le gnóthachtáil daltaí sna MRBanna agus sna CFL2anna. Is ceart do scoileanna a thabhairt ar aird, sa chás gur gá an PGSS a athghiniúint go mbeidh gá na sonraí REF a iontráil an athuair.

1.29 An ndéantar gnóthachtaí daltaí i bhFolláine a thaifeadh ar an PGSS?

Déantar gnóthachtaí daltaí i bhFolláine a thaifeadh ar an PGSS den chéad uair i bhfómhair 2020.

1.30 An gá don scoil tuairisciú ar Fholláine roimh 2020?

Cé nach bhfuil sé éigeantach tuairisciú ar ghnóthachtaí daltaí i bhFolláine roimh 2020, féadfaidh scoil machnamh a dhéanamh ar thuairisciú ar ghnóthachtaí aonair daltaí i gCorpoideachas agus in OSPS sa chuid 'réimsí eile foghlama' den PGSS. Beidh OSSP mar chuid den tuairisciú ag an gCoimisiún Scrúduithe Stáit i gcás formhór na ndaltaí a shuífidh scrúdú an Teastais Sóisearaí, a mbeidh an ceann deireanach in OSSP ann sa bhliain 2019. Maidir le daltaí a rinne an gearrchúrsa OSSP mar a ndéantar soláthar i gCiorcláin 20/2014, 24/2016 agus 55/2019, déantar gnóthachtaí daltaí na bliana 2019 in OSSP a thuairisciú sa chuid 'gearrchúrsaí' den PGSS.

1.31 Conas a théann Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) leis an PGSS?

Is féidir aitheantas ar rannpháirtíocht daltaí sa CSTS a thaifeadh faoi 'réimsí eile foghlama'. Is gearr go gcuirfidh an Roinn tús le hathbhreithniú ar an gclár CSTS.

1.32 Conas a chuirfidh scoileanna gnóthachtaí an dalta i gClár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2), nuair is ábhartha, a iontráil?

Mar chuid den tSraith Shóisearach, féadfaidh scoileanna cláir dar teideal Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) a chur san áireamh anois. Tá siad leagtha amach do líon beag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus tá siad ag teacht le Leibhéal 2 ar an gCreat Cáilíochtaí Náisiúnta (CCN).

Tá CFL2 oiriúnach do dhaltaí a gcuirfeadh a riachtanais oideachais/speisialta cosc orthu rochtain a fháil ar chuid de na hábhair agus gearrchúrsaí Leibhéal 3 sa tsraith shóisearach, nó orthu go léir. Tá CFL2anna deartha timpeall ar aonaid tosaíochta foghlama (ATFanna) a dhíríonn ar scileanna sóisialta, pearsanta agus réamhghairme. Féadfaidh na daltaí sin tabhairt faoi ghearrchúrsaí CFL2 atá ag teacht le Leibhéal 2 den CNC. Ar deireadh, i gcásanna áirithe, féadfaidh na daltaí sin tabhairt faoi ábhair Leibhéal 3 freisin agus/nó gearrchúrsaí ar Leibhéal 3.

Maidir le daltaí atá ag tabhairt faoi CFL2anna i gcomhar le roinnt ábhar agus/nó gearrchúrsaí, is féidir tuairisc a bheith ar an PGSS maidir le gnóthachtaí daltaí sna nithe seo:

- na hábhair a thug siad sna scrúduithe stát-deimhnithe
- Measúnuithe Rang-Bhunaithe le haghaidh ATFanna agus/nó ábhair agus/nó gearrchúrsaí
- an réimse Folláine (ón mbliain 2020 ar aghaidh)
- réimsí eile foghlama

Maidir le daltaí atá ag tabhairt faoi CFL2anna agus iad sin amháin, trí bhíthin ATFanna agus/nó gearrchúrsaí Leibhéal 2, is féidir tuairisc a bheith ar an PGSS maidir le gnóthachtaí daltaí sna nithe seo:

- Measúinuithe Rang-Bhunaithe le haghaidh ATFanna agus/nó gearrchúrsaí Leibhéal 2
- an réimse Folláine (ón mbliain 2020 ar aghaidh)
- réimsí eile foghlama

Beidh fáil ag scoileanna ar roghchlár anuas ina mbeidh na tuairiscíní 'Gnóthaithe' nó 'Gan Genóthaithe' maidir le hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) na CFL2anna. Sa chás nach mbaineann daltaí an ATF amach, ní chuirfear an ATF i gceist ar an PGSS.

Tá samplaí de PGSSanna le haghaidh 2019 a chloíonn leis an bhformáid seo le fáil in Aguisín 4 den lámhleabhar seo. Ní bheidh ar an gcineál seo PGSS ach an fhaisnéis arna cur ar fáil ag an scoil, agus ní bheidh aon fhaisnéis ón CSS air.

Agus PGSSanna á nginiúint do dhaltáí a bhfuil CFL2anna tugtha chun críche acu agus nár shuigh Scrúduithe Stáit, féach lámhleabhar an Bunachar Sonraí Ghradaim na Sraithe Sóisearaí (BSGSS).

CUID 4 An PGSS a ghiniúint

1.33 Conas a ghintear an PGSS?

Scoileanna a ghineann an PGSS ach Bunachar Sonraí Ar Líne Iar-Bhunscolaíochta (PPOD) na Roinne a úsáid, le háisíneacht nua ó 2019 a cheadaíonn do scoileanna sonraí a uasdátú ar an PPOD le feidhm sioncronaíochta nua atá ar Chóras Bainistíochta Ábhar na Scoile.

I ndiaidh tuairiscíní MRB a iontráil ar PPOD, cuirtear PGSS páirt-chomhlánaithe, réamh-líonta do gach dalta ar fáil do scoileanna lena n-uaslódáil sa téarma i ndiaidh an tríú bliain a thabhairt chun críche. Áireofar orthu torthaí deiridh daltaí sna scrúduithe deiridh stát-deimhnithe agus tuairiscíní ar ghnóthachtáil daltaí sna MRBanna ábhartha. Is ceart don scoil an PGSS a shábháil go háitiúil i gcás gach dalta. Is ceart don scoil ansin na Réimsí Eile Foghlama a thaifeadadh go háitiúil i gcás gach dalta sula bpriontáiltear an gradam PGSS.

Tabhair aird nach bhfuil na PGSS comhoiriúnach leis an amharcóir PDF ionsuite ar Google Chrome. Má bhíonn Google Chrome in úsáid agat agus deacrachtaí agat an íoslódáil a oscailt, cliceáil ar dheis ar an PGSS íoslódáilte agus roghnaigh “Open with System Viewer”. Muna mbíonn fáil ar an rogha sin, beidh deis clár a roghnú chun an íoslódáil a oscailt. Bain úsáid as an rogha seo chun an clár Adobe Acrobat a úsáid i do chóras cóid agus chun an PGSS a úsáid leis seo.

1.34 An gcaithfidh cuideachta ghairmiúil clódóireachta na PGSSanna a phriontáil do scoileanna?


Ní gá cuideachta ghairmiúil clódóireachta a fhostú chun an phriontáil a dhéanamh. Is faoi gach scoile é cibé an roghnóidh siad an PGSS a phriontáil iad féin nó clódóir gairmiúil a fhostú chun é a dhéanamh.

COSAINT SONRAÍ

1.35 An bhfuil saincheistean maidir le cosaint sonraí nach mór do scoileanna machnamh a dhéanamh orthu?

Éilítear faoin dlí cosanta sonraí go gcaithfidh scoileanna fógra príobháideachais maidir leis an tslí a ndéanfar sonraí pearsanta daltaí a phróiseáil a chur faoi bhráid tuismitheoirí/caomhnóirí sula dtosóidh siad próiseáil ar shonraí pearsanta ar bith. Tá teimpléid in Aguisín 4 le haghaidh na bhFógraí Príobháideachais is ceart a chur faoi bhráid tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le daltaí a gheobhaidh an gradam gradam Próifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) in 2019.

Léirítear sa léaráid thíos an próiseas sreafa sonraí i ndáil le sonraí PGSS daltaí.



1.36 An ndéanfar cóip den PGSS a shábháil go huathoibríoch ar chóras TF scoile?

Ní dhéanfar. D'fhonn cóip iomlán den PGSS 2019 a shábháil, lena n-áirítear 'réimsí eile foghlama', beidh ar scoileanna, i ndiaidh dóibh an PGSS a ghiniúint do gach dalta, é a scanadh agus an chóip leictreonach a choimeád, nó cruachóip a choimeád ar chomhad.

Beidh scoileanna in ann an PGSS páirt-chomhlánaithe (gan REFanna) a íoslódáil ó PPOD chuig a gcóras áitiúil.

1.37 An mbeidh ar scoileanna cóipeanna de PGSSanna a choimeád dá ndaltaí?

Beidh ar an scoil an PGSS a shábháil le haghaidh gach dalta – leagan leictreonach nó cóip ar pháipéar. Ní choimeádfar cóipeanna de PGSSanna in aon áit eile. Sna treoirínte reatha ar choinneáil sonraí atá ullmhaithe ag Comhlachtaí Bainistíochta, moltar torthaí thástálacha/scrúduithe in-scoile (i.e. scrúduithe deireadh téarma nó deireadh bliana, torthaí measúnaithe) a choimeád ar feadh 7 mbliana i ndiaidh aois lánaosta (18).

D'fhonn cóip iomlán den PGSS a shábháil, lena n-áirítear 'Réimsí Eile Foghlama', beidh ar scoileanna, agus an PGSS á ghiniúint do gach dalta acu, é a scanadh agus an chóip leictreonach a choimeád, nó cruachóip a choimeád ar chomhad. An buntáiste leis sin, ní gá don dalta ach dul chuig foinse amháin chun na sonraí iomlána a fháil agus is ag an scoil atá an fhreagracht. Beidh sé de rogha ag scoileanna freisin an PGSS a eisiúint go leictreonach chuig daltaí, mar aon leis an leagan clóbhuailte den PGSS a bhronntar go foirmeálta ar dhaltaí.

NB: Caithfidh scoileanna a bheith lántuisceanach ar an bhfreagracht atá orthu PGSS a choinneáil do gach dalta ar leith ar feadh suas le 7 mbliana agus na PGSS a chur ar fáil do dhaltaí nuair a iarrtar sin.

Aguisín 1 - Seicliosta do Scoileanna

Ceadaítear an seicliosta seo agus an PGSS á íoslódáil

Ceist?	Tá/ Níl
An bhfuil gach dalta atá i dteideal PGSS le feiceáil ar PPOD?	
An bhfuil gach tuairiscín curtha isteach go cruinn?	
An bhfuil an PGSS ceart sábháilte do gach dalta?	
An bhfuil PGSS agam do dhalta(i) a d'fhág/a d'aistrigh scoileanna i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí 2019 agus atá i scoil nua anois?	
An bhfuil PGSS in easnamh maidir le dalta a tháinig go dtí an scoil i ndiaidh na Sraithe Sóisearaí a dhéanamh in 2019?	
An bhfuil mionsonraí an dalta, e.g. ainm, dáta breithe, i gceart ar PPOD?	
An bhfuil ábhair scrúduithe na ndaltaí ceart ar an PPOD, ábhair le MRBanna san áireamh?	
An bhfuil na REFanna le feiceáil i gceart i ndiaidh iad a phriontáil? An mbreathnaíonn siad mar an gcéanna i gcló agus ar an scáileán?	
An bhfuil an suaitheantas agus an síniú le feiceáil i gceart?	

Is féidir cabhair a fháil ach ríomhphost a sheoladh chuig jcpa@education.gov.ie. Bí cinnte an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh ar aon chomhfhreagras chuig an seoladh seo.

- i. Ainm na scoile
- ii. Uimhir rolla
- iii. Ainm an dalta
- iv. Aitheantas an dalta
- v. Nádúr na ceiste.

Aguisín 2 – Lógónna agus Sínithe

PRÓIFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

Treoirínte maidir le Lógó na Scoile agus/nó Sínithe a chur ar an PGSS

Is féidir an dá íomhá seo a leanas a réamhlíonadh ar an ngradam PGSS, más mian leis an scoil/ionad oideachais sin a dhéanamh:

Suaitheantas/Lógó na Scoile/an Ionaid: Beidh an íomhá seo le feiceáil in dhá áit éagsúla ar an ngradam PGSS.

- a. An leathanach clúdaigh (íomhá mhór)
- b. Leathanach na dtorthaí (íomhá bheag - le feiceáil ag bun leathanach thorthaí an PGSS)

Síniú an Phríomhoide/Chomhordaitheora: (le feiceáil ag bun leathanach thorthaí an PGSS)

D'fhonn an méid thuas a réamhlíonadh go huathoibríoch ar ghiniúint an PGSS, is ceart don scoil/ionad oideachais an méid thuas a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Mar seo a leanas a sheoltar na híomhánna a sheoladh chuig an Roinn:

Suaitheantas nó Lógó na Scoile/an Ionaid Oideachais

- 1) Níor cheart aon téacs seachas téacs sa lógó féin a bheith i suaitheantas/lógó na scoile/an ionaid oideachais.
- 2) Is ionann méid an tsuaitheantais shamplaigh (a léirítear thall; méid 5.4 cm x 5.7 cm)) agus an méid iarbhír a phriontálfar ar leathanach clúdaigh an PGSS. Déantar cinnte de go bhfuil do shuaitheantas/lógó ar cháilíocht leordhóthanach go léireofar go soiléir é ar an méid seo.
- 3) Glacfaidh an Roinn le híomhánna níos mó agus déanfar an méid a athrú le go léireofar go soiléir iad ar an méid cuí.
- 4) Glacfar le híomhánna i gcomhad íomhá ar bith (.jpg/.tiff etc).
- 5) Sa chás go seolann scoil íomhá chuig an Roinn a bhí téacs breise (ainm na scoile faoi, os cionn nó timpeall na príomh-íomhá), bainfidh an Roinn an téacs sin.
- 6) Sábháiltear an íomhá mar "UimhirdoScoileIonaid"_Suaitheantas (e.g. don uimhir rolla scoile 12345X, sábháiltear an íomhá mar 12345X_Suaitheantas.jpg NÓ 12345X_Suaitheantas.tiff).



Sínithe

- 1) Sa chás go roghnaíonn scoil/ionad oideachais é, is féidir síniú an Phríomhoide nó an Chomhordaitheora a chur ar na PGSSanna a ghinfead leis an gcóras.
- 2) D'fhonn an íomhá a chur san áireamh:-
 - a. Comhlánaítear na mionsonraí mar atá san fhoirm thíos.
 - b. Scantar an leathanach comhlánaithe agus sábháiltear an comhad mar "UimhirRolladoScoile"_síniú. (e.g. *don uimhir rolla scoile 12345X is ceart an comhad a shábháil mar 12345X_síniú.jpg NÓ 12345X_síniú.pdf*).

Seoltar (i) Íomhá an tSuaitheantais/Lógó agus (ii) Íomhá an tSínithe chuig JCPA@education.gov.ie in aon ríomhphost amháin chomh luath agus is féidir sula dtosaítear ar an bpróiseas íoslódála do do scoil.

Is ceart aon cheist maidir leis sin a sheoladh chuig JCPA@education.gov.ie.

Sínithe atá le cur ar an PGSS

Ainm (BLOCLITREACHA)

Síniú (*déantar cinnte go dtéann an síniú go léir sa bhosca*)

Síniú	Ainm (BLOCLITREACHA)	Síniú (<i>déantar cinnte go dtéann an síniú go léir sa bhosca</i>)
<input type="checkbox"/> Príomhoide		
<input type="checkbox"/> Ceann Bliana		

Aguisín 3 – Fógra Príobháideachais agus Foirm Toilithe

FÓGRA PRÍOBHÁIDEACHAIS - An Gradam, Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Mar eolas do thuismitheoirí/caomhnóirí daltaí a bhfaighidh gradam Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) in 2019

Réamhrá

Is ceanglas é faoi dhlí cosanta sonraí é nach mór do scoileanna, sula dtosaíonn siad ar aon sonraí pearsanta a phróiseáil, fógra príobháideachais faoin tslí a bpróiseálfar sonraí pearsanta an dalta a chur faoi bhráid thuismitheoirí/caomhnóirí. Baineann an fógra príobháideachais seo leis na daltaí a thug faoin **tSraith Shóisearach ar Leibhéal 3 nó ar Leibhéal 2** ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Áirítear ar Leibhéal 3 den tSraith Shóisearach scrúduithe arna leagan amach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), agus cuirtear torthaí sealadacha in iúl do scoileanna agus do dhaltaí sa mhí Mheán Fómhair i ndiaidh dóibh na scrúduithe Stáit a dhéanamh. Tá Clár Foghlama Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí leagtha amach do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais faoi leith acu agus tá siad ag teacht, go ginearálta, le Leibhéal 2 ar an gCreat Cáilíochtaí Náisiúnta (CCN). I gcásanna áirithe, tabharfaidh daltaí faoi mheascán de chlár Leibhéal 2 agus clár Leibhéal 3.

An Próiseas

Leagtar amach sa doiciméad seo an fhaisnéis i ndáil leis an tslí a n-úsáidfeadh sonraí measúnaithe daltaí sa tSraith Shóisearach chun Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a tháirgeadh. Bronntar an PGSS anois in áit ghradam an Teastais Shóisearaigh.

Sa chás go bhfuil mionsonraí daltaí coinnithe ar Bhunachar Sonraí Ar Líne Iar-Bhunscolaíochta na Roinne (PPOD²), táirgfídh scoileanna an PGSS trí bhíthin PPOD. Sa chás nach bhfuil mionsonraí daltaí coinnithe ar PPOD (e.g. scoileanna speisialta) déanfar an PGSS a tháirgeadh trí bhíthin Bhunachar Sonraí Measúnaithe na Sraithe Sóisearaí (JCAD³).

Cuirfeadh ar chumas scoileanna sonraí breise faoi mheasúnú daltaí a thairgeadh ar PPOD nó ar JCAD chun críche a **Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí** (PGSS) a tháirgeadh do gach duine dá ndaltaí a thugann an tSraith Shóisearach chun críche.

Leis an gcur chuige seo, cuirtear ar chumas

- scoileanna na tuairiscíní a bronnadh i Measúnuithe Rang-Bhunaithe ar ábhair agus ar ghearrchúrsaí a thairgeadh, chomh maith le gnóthachtáil in Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) a léiriú i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) torthaí deiridh na scrúduithe stáit a chur ar fáil go leictreonach don Roinn Oideachais agus Scileanna lena n-uaslódáil ar PPOD agus ar JCAD agus na torthaí sin a mhaitseáil le gach dalta.
- na Roinn Oideachais agus Scileanna na PGSSanna a chur ar fáil go leictreonach do scoileanna/ionaid oideachais, i dtaca le gach dalta.

² Féach an Fógra Príobháideachais ar leithligh maidir le húsáid ghinearálta PPOD ag <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services>Returns/Post-Primary-Online-Database-P-POD-Project/Data-Protection.html>

³ Is é JCAD bunachar sonraí na ROS a forbraíodh chun táirgeadh PGSS ag Scoileanna Speisialta agus ag Ionaid Oideachais Speisialta a éascú.

- d. scoileanna/ionaid oideachais an chuid 'réimsí eile foghlama' den PGSS a chomhlánú i dtaca le gach dalta agus an gradam a sheachadadh ar na daltaí. Tugtar deis don scoil/ionad oideachais sa chuid 'réimsí eile foghlama' den PGSS tuairisciú ar eispéiris foghlama agus imeachtaí foghlama eile atá déanta ag an dalta taobh amuigh den churaclaim foirmiúil ar an amchlár. Ní dhéanfar na sonraí a chuirtear isteach ar leibhéal scoile maidir le 'réimsí eile foghlama' a stóráil ar bhunachar sonraí na Roinne.
- e. i ndiaidh an PGSS a tháirgeadh do gach dalta, choinneodh an scoil/ionad oideachais cóipe den PGSS iomlán do gach dalta.
- f. bainfear ainmneacha de na sonraí chomh luath is a tháirgfear na PGSSanna agus bainfear úsáid astu in anailís staitistiúil. Ní bhaineann an Roinn úsáid as sonraí inaitheanta ar bith i gcás duine ar bith.

Is ceart a thabhairt ar aird nach bhfuil rochtain ach ag líon beag ball foirne sa Roinn Oideachais agus Scileanna ar na sonraí pearsanta agus níl rochtain ag na daoine sin orthu ach chun tacaíocht theicniúil a thabhairt do do scoil/d'ionad oideachais agus sibh ag úsáid PPOD nó JCAD, agus sin amháin. Ní roinnfear sonraí daltaí mar a leagtar amach thíos le duine ar bith eile seachas le hiarbhunscoil eile a gcláródh an daltaí léi.

De bhun Alt 3 agus Alt 4 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí, féadfaidh tú rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus cóip de na sonraí a choimeádtar fút ar PPOD a iarraidh ach teagmháil a dhéanamh le do scoil, nó más iar-dhalta tú, ach teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Faoin dlí cosanta sonraí, féadfaidh tú cur in aghaidh phróiseáil do shonraí nó a iarraidh go gceartófaí na sonraí.

Tá níos mó sonraí faoin úsáid a bhaineann an Roinn as sonraí pearsanta le fáil sna Ceisteanna Coitianta ar PPOD, ar <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/FAQ.html>

Is é an Príomhoifigeach sa Rannóg Tuismitheoirí, Foghlaimeoirí agus Bunachar Sonraí sa Roinn an Rialtóir Sonraí PPOD don Roinn Oideachais agus Scileanna. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis ach ríomhphost a sheoladh chuig p-podhelpdesk@education.gov.ie

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don Roinn ach ríomhphost a sheoladh chuig gdpr@education.gov.ie

Liosta sonraí pearsanta daltaí iarbhunscoile⁴ a taifeadadh ar PPOD nó ar JCAD chun críche a Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a tháirgeadh.

Sonraí Pearsanta Íogaire do dhaltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu

- Tuairiscín an Aonaid Foghlama Tosaíochta
- Meán an Aonaid Foghlama Tosaíochta - Gaeilge/Béarla
- Toradh an Aonaid Foghlama Tosaíochta

Is ceart toiliú i scríbhinn a iarraidh ar thuismitheoirí/caomhnóirí dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (féach an teimpléad thíos).

Maidir le gach ábhar ina ndearnadh scrúdú arna reáchtáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit

- An leibhéal a ndearnadh sa scrúdú deiridh
- Torthaí na Measúnuithe Rang-Bhunaithe 1 agus 2⁵
- An meán tuartha trína ndéanfar an scrúdú deiridh *Gaeilge/Béarla*
- An grád foriomlán arna bhronnadh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- Anótáil toraidh lena léiriú go ndearnadh measúnú ar ábhar seachas gné amháin de, e.g. cluastuisicint ar iarraidh

Maidir le gach gearrchúrsa a rinneadh

- Teideal
- Leibhéal an Chláir Foghlama - 2 nó 3
- Meán an Aonaid Foghlama Tosaíochta - Gaeilge/Béarla
- Toradh an Mheasúnaithe Seomra Ranga-Bhunaithe;

Chomh maith leis sin, priontálfar na sonraí seo a leanas arna gcur ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar do PGSS

- Céadainm agus Sloinne - mar a tugadh do Choimisiún na Scrúduithe Stáit
- Dáta Breithe - le cabhrú lena fháil amach cibé an bhfuil beirt daltaí nó níos mó leis an ainm céanna
- Uimhir iarrthóra i scrúdú stáit - le cabhrú le ceist iardain ar bith maidir le Scrúduithe Stáit

Tá faisnéis faoi na sonraí pearsanta eile a stóráiltear taobh amuigh de PPOD agus a úsáideann do scoil chun do PGSS a tháirgeadh ar fáil i *mBeartas Cosanta Sonraí* do scoile. Is féidir cóip a fháil ó do scoil.

Tá faisnéis faoi na sonraí pearsanta eile go léir ar dhaltaí a bhailíonn agus a phróiseálann scoileanna ach PPOD a úsáid ar fáil sa ***Nóta maidir le Próiseáil Chothrom do PPOD***. Tá cóipeanna le fáil ag

www.education.ie

⁴ Tá mionsonraí faoi thréimhsí coinneála agus faoin mbonn dlí le sonraí a bheith á mbailiú ag an Roinn agus ag an scoil san Fhógra faoi Phróiseáil Chothrom le haghaidh PPOD

⁵ Tá Measúnuithe Rang-Bhunaithe mar chuid de na sonraíochtaí nua don Bhéarla, do Staidéar Gnó agus don Eolaíocht.

FOIRM TOILITHE maidir le sonraí measúnaithe a thairfeadh a bhaineann le Cláir Foghlama Leibhéal 2 do dhaltá a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

AINM NA SCOILE _____

SEOLADH NA SCOILE _____

AINM AN DALTA _____

Dáta Breithe an Dalta _____

Tugaim toiliú gur féidir mionsonraí faoi thorthaí aon Chláir Foghlama Leibhéal 2 arna ndéanamh ag an dalta ainmnithe thuas a thairfeadh ar PPOD nó ar JCAD le go bhféadfaidh an scoil thuas an fhaisnéis sin a chur ar Phróifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) an dalta.

Sínithe

PRIONTÁIL AINM

DÁTA

Seoltar foirmeacha comhlánaithe ar ais chuig scoil an dalta

Is ceart don scoil an fhoirm seo a choimeád an fhad a bheidh an dalta ar an rolla agus í a chur ar fáil d'oifigeach na Roinne nó d'oifigeach Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí le scrúdú a dhéanamh uirthi, más gá sin.

Aguisín 4 – PGSSanna Samplacha

SAMPLA de PGSS Leibhéal 3



PRÓIFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

2019

Oliver Cheasty

DB: 06 Iúil 2002



SCRÚDUITHE DEIRIDH DEIMHNITHE AG AN STÁT

Scrúdúimhir: 61506

Staidéar Gnó (G) Tuillteanas

Gaeilge (G) E

Matamaitic (G) D

Stair (G) B

Tíreolaíocht (A) D

Grafaic Theicniúil (G) B

Míotalóireacht (A) D

Teicneolaíocht (A) D

**Oideachas Saoránach
Sóisialta & Pol. (C)** D

Measúnuithe Rangbhunaithe - Béarla

BÉARLA

Cumarsáid Ó Bheal Os cionn na n-ionchas

Bailiúchán Téacsanna na nDaltaí Ag teacht le hionchais

STAIDÉAR GNÓ

Gnó a chur i nGníomh Ag teacht le hionchais

Cur i láthair Os cionn na n-ionchas

EOLAÍOCHT

Iniúchadh Turgnamhach Sínte Ag teacht le hionchais

Iniúchadh Eolaíochta sa tSochar Os cionn na n-ionchas

Measúnuithe Rangbhunaithe - Gearrchúrsaí

Coding, Graphics, Robotics, Maths Sciences, etc Os cionn na n-ionchas

Teanga agus Cultúr na Síne Ag teacht le hionchais

Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) Os cionn na n-ionchas

Réimsí Foghlama Eile



Príomhoide

Tom Hardy

Ceann Bliana

Tom Hardy

Uimhir rolla: 10018X

Hogwarts
Hill View, Blackwater,
Kilmeague, Co Cavan
D11 X999



Aithnítear agus taifeadtar gnóthachtálacha sa tSraith Shóisearach ar an PGSS seo

Hogwarts



PROIFIL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

CONAS CIALLA BHAINT AS DO PHROIFIL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

Déanann Próifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) taifead ar ghnóthachtáil scoláire in ábhair agus i ngearrchúrsaí atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), agus le hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) agus le gearrchúrsaí atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 2 den CNC.

Grádú an Scrúdaithe Deiridh le haghaidh ábhar agus gearrchúrsaí ag Leibhéal 3:

Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht 2019

Ard (A)
Gnáth (G)
Comónta (C)

Tuairiscíní leibhéil	Céatadán
Gradam	≥ 90 go 100
Ardtuillteanas	≥ 75 agus < 90
Tuillteanas	≥ 55 agus < 75
Gnóthaithe	≥ 40 agus < 55
Gnóthaithe go psairteach	≥ 20 agus < 40
Neamhghrádaithe (NG)	≥ 0 agus < 20

I gcás gach ábhair eile

Ard (A)
Gnáth (G)
Comónta (C)
Bonn (B)

Tuairiscíní leibhéil	Céatadán
A	≥ 85 go 100
B	≥ 70 agus < 85
C	≥ 55 agus < 70
D	≥ 40 agus < 55
E	≥ 25 agus < 40
F	≥ 10 agus < 25
Neamhghrádaithe (NG)	≥ 0 agus < 10

Measúnuithe Rangbhunaithe

Thar barr
Os cionn na n-ionchais
Ag teacht le hionchais
Ionchais le baint amach fós

(I gcás nár tugadh tuairiscín do mheasúnú rangbhunaithe do scoláire, úsáidtear an téarma 'Neamhthuairiscithe')

Déantar taifead ar ghnóthachtáil ATFanna agus ar gearrchúrsaí Leibhéil 2 ar an PGSS mar 'Baint Amach'.

Bearta cuimsitheachta sna Scrúduithe Stáit

Is crotphrionsabail iad cuimsitheacht agus trádhacht atá mar bhonn taca le Scrúdú na Sraithe Sóisearaí. I dtosca áirithe, is féidir leis an lárthóir roghnú a t(h)eoradh in ábhar ar leith a bheith bunaithe ar gach gné den scrúdú san ábhar sin seachas gné áirithe. Cuirtear an Coimisiún béim air gur léirithe críoch iomlán ar fheidhmíocht an lárthóra sa scrúdú i ngach cás é an grád a bhronntar.

Míníú ar na cód uimhriúla deagsúla a ghabhann leis an ngrád in aon chás nach ndearmadh measúnú ar ghné áirithe den scrúdú:

- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na cluastulcaeana.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an ngné phraiticiúil.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an líriú agus ar ghné na pocalochta sa scríobh.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na léitheoirachta.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an líriú agus ar roinnt gnáthe den ghramadach.
- Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné an tionscadail.
- Rinneadh gach cuid den scrúdú a mheasúnú ach amháin tástáil sólaíne grafaice sa phléipéar scríofa.

 **PRÓIFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ** **2019**

John Smith

DB: 20 Deireadh Fomhair 2002

 **SCRÚDUITHE DEIRIDH DEIMHNITHE AG AN STÁT**

Scrúdumhír:	73408
Béarla (A)	Gnóthaithe go páirteach
Staidéar Gnó (A)	Gnóthaithe
Eolaíocht (A)	Gnóthaithe
Matamaitic (A)	D
Stair (A)	E
Tíreolaíocht (A)	C

Aonaid Tosaíochta Foghlama

Ag Maireachtáil i bPobal	Gnóthaithe
Uimhearhacht	Gnóthaithe
Ag Uilmhú do Shaol na hOibre	Gnóthaithe

Measúnuithe Rangbhunaithe - Béarla

BÉARLA	Cumarsáid Ó Bheal	Os cionn na n-ionchas
STADÉAR GNÓ	Gnó á chur i nGníomh	Ag teacht le hionchais
EOLAÍOCHT	Iníochadh Turgnamhach Sínte	Thar barr

Réimsí Foghlama Eile 



Príomhoide **Uimhír rolla:** 10000X

John Hancock



Springfield Elementary School
19 Plympton Street., Springfield
D11 X999



Aithnítear agus taifeadtar gnóthachtálacha sa tSraith Shóisearach ar an PGSS seo

Springfield Elementary School



PROIFIL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

CONAS CIALL A BHAINT AS DO PHRÓIFIL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

Deanann Próifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) taifead ar ghnóthachtáil scoláire in ábhair agus i ngearrchúrsaí atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), agus le hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) agus le gearrchúrsaí atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 2 den CNC.

Grádú an Scrúdaíthe Deiridh le haghaidh ábhar agus gearrchúrsaí ag Leibhéal 3:

Bearla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht 2019

Ard (A)
Gnáth (G)
Comónta (C)

Tuairiscíní Iolbhéil	Céatadán
Gradam	≥ 90 go 100
Ardtuillteanas	≥ 75 agus < 90
Tuillteanas	≥ 55 agus < 75
Gnóthaithe	≥ 40 agus < 55
Gnóthaithe go páirteach	≥ 20 agus < 40
Neamhghrádaíthe (NG)	≥ 0 agus < 20

I gcás gach ábhair eile

Ard (A)
Gnáth (G)
Comónta (C)
Bonn (B)

Tuairiscíní Iolbhéil	Céatadán
A	≥ 85 go 100
B	≥ 70 agus < 85
C	≥ 55 agus < 70
D	≥ 40 agus < 55
E	≥ 25 agus < 40
F	≥ 10 agus < 25
Neamhghrádaíthe (NG)	≥ 0 agus < 10

Measúnuithe Rangbhunaithe

Thar barr
Os cionn na n-ionchais
Ag teacht le hionchais
Ionchais le baint amach fós

(I gcás nár tugadh tuairiscín do mheasúnuí rangbhunaithe do scoláire, úsáidtear an téarma 'Neamhthuairiscithe')

Déantar taifead ar ghnóthachtáil ATFanna agus ar gearrchúrsaí Leibhéil 2 ar an PGSS mar 'Baint Amach'.

Bearla cuimsitheachta sna Scrúduithe Stáit

Is croiphriomsabail iad cuimsitheacht agus trédhearcacht atá mar bhonn taca le Scrúdú na Sraithe Sóisearaí. I dtosca áirithe, is féidir leis an Iarthóir roghnú a t(h)oradh in ábhar ar leith a bheith bunaithe ar gach gné den scrúdú san ábhar sin seachas gné áirithe. Cuireann an Coimisiún béim air gur léiriú cruinn lomán ar fheidhmíocht an Iarthóra sa scrúdú i ngach cás é an grád a bhronntar.

Míní ar na coid uimhriúla deagsúla a ghabhann leis an ngrád in aon chás nach ndearmadh measúnuí ar ghné áirithe den scrúdú:

1. Rinneadh measúnuí ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na cluastulsaona.
2. Rinneadh measúnuí ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an ngné phraiticiúil.
3. Rinneadh measúnuí ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an lítríú agus ar ghné na poncalochta sa scríobh.
4. Rinneadh measúnuí ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na léitheoireachta.
5. Rinneadh measúnuí ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an lítríú agus ar roinnt gnéithe den ghramadach.
6. Rinneadh measúnuí ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné an tionscadail.
7. Rinneadh measúnuí ar gach cuid den scrúdú a mheasúnuí ach amháin tástáil scileanna grafacha sa pháipéar scríofa.



John Smith

DB: 09 Samhain 2005

Uimhir ID an scoláire: 7741

Aonaid Tosaíochta Foghlama

Ag Maireachtáil i
bPobal

Gnóthaithe

Cúram Pearsanta

Gnóthaithe

Ag Uilmhú do Shaol na
hOibre

Gnóthaithe

Uimhearhacht

Gnóthaithe

Réimsí Foghlama Eile



Príomhoide

John Hancock

Uimhir rolla: 10000X

Springfield Elementary School
19 Plympton Street., Springfield
D11 X999



Aithnítear agus taifeadtar gnóthachtálacha sa tSraith Shóisearach ar an PGSS seo

Springfield Elementary School



PRÓIFIL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ

CONAS CIALL A BHAINT AS DO PHRÓIFÍL GHNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

Déanann Próifil Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) taifead ar ghnóthachtáil scoláire in ábhair agus i ngearrchúrsaí atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC), agus le hAonaid Tosaithe Foghlama (ATFanna) agus le gearrchúrsaí atá ag teacht go ginearálta le Leibhéal 2 den CNC.

Grádú an Scrúdaithe Deiridh le haghaidh ábhar agus gearrchúrsaí ag Leibhéal 3:

Béarla, Staidéar Gnó agus Eolaíocht 2019

Ard (A)
Gnáth (G)
Comónta (C)

Tuairiscíni Iolbhéil	Céatadán
Grádam	≥ 90 go 100
Ardtuillteanas	≥ 75 agus < 90
Tuillteanas	≥ 55 agus < 75
Gnóthaithe	≥ 40 agus < 55
Gnóthaithe go pírliteach	≥ 20 agus < 40
Neamhghrádaithe (NG)	≥ 0 agus < 20

I gcás gach ábhair eile

Ard (A)
Gnáth (G)
Comónta (C)
Bonn (B)

Tuairiscíni Iolbhéil	Céatadán
A	≥ 85 go 100
B	≥ 70 agus < 85
C	≥ 55 agus < 70
D	≥ 40 agus < 55
E	≥ 25 agus < 40
F	≥ 10 agus < 25
Neamhghrádaithe (NG)	≥ 0 agus < 10

Measúiníthe Rangbhunaithe

Thar barr
Os cionn na n-ionchas
Ag teacht le hionchais
Ionchais le baint amach fós

(I gcás nár tugadh tuairiscín do mheasúiní
rangbhunaithe do scoláire, úsáidtear an téarma
'Neamhthuairiscithe')

Déantar taifead ar ghnóthachtáil ATFanna agus ar
gearrchúrsaí Leibhéil 2 ar an PGSS mar 'Baint
Amach'.

Bearla cuimsitheachta sna Scrúduithe Stáit

Is croíphrionsabail iad cuimsitheacht agus trédhearcacht atá mar bhonn taca le Scrúdú na Sraithe Sóisearaí. I dtosca áirithe, is féidir leis an lárthóir roghnú a t(h)oradh in ábhar ar leith a bheith bunaithe ar gach gné den scrúdú san ábhar sin seachas gné áirithe. Cuireann an Coimisiún béim air gur léirithe cruinn iomlán ar fheidhmíocht an lárthóra sa scrúdú i ngach cás é an grád a bhronntar.

1. Míniú ar na cúlú uimhriúla deagóla a gheibhann leis an ngrád in aon chás nach ndéanadh measúnú ar ghné áirithe den scrúdú.
2. Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na cluastulsaena.
3. Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an ngné phraiticiúil.
4. Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an líríú agus ar ghné na poncalochta sa scríobh.
5. Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné na léitheoireachta.
6. Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar an líríú agus ar roinnt gnáthe den ghramadach.
7. Rinneadh measúnú ar gach cuid den scrúdú san ábhar seo ach amháin ar ghné an tionscadail.
15. Rinneadh gach cuid den scrúdú a mheasúnú ach amháin tástáil scileanna grafacha sa pháipéar scríofa.